Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026
(OR. en)

10575/26

ECOFIN 820
UEM 265
FIN 885
*ECB*
*EIB*

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 15 Meitheamh 2026 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9869/26 |
| Ábhar: | Tuarascálacha speisialta Uimh. 06/2026, Uimh. 14/2026 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 15 Meitheamh 2026) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascálacha speisialta Uimh. 06/2026 agus Uimh. 14/2026 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, a ghlac an Chomhairle ag an 4182ú cruinniú dá cuid a tionóladh ar an 15 Meitheamh 2026.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TUARASCÁLACHA SPEISIALTA UIMH. 06/2026 Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA 'DUL I nGLEIC LE CALAOIS IN RRF – OBAIR IDIR LÁMHA' AGUS UIMH. 14/2026 'TRÉDHEARCACHT AGUS INRIANAITHEACHT RRF –BEARNAÍ FÓS ANN MAIDIR LE hINRIANAITHEACHT AGUS TRÉDHEARCACHT CHISTÍ RRF'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

1. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta) tuarascálacha speisialta Uimh. 06/2026 agus 14/2026, MEABHRAÍONN SÍ go dtugtar an cúram don Chúirt leis na Conarthaí scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncam agus chaiteachas uile an Aontais, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ról na Cúirte maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cumhdaíodh in iniúchadh na Cúirte an tréimhse ó bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (dá ngairtear 'RRF' anseo feasta) i mí Feabhra 2021 go dtí deireadh mhí na Nollag 2024 do na Ballstáit, agus ó thionscnamh RRF go dtí mí Iúil 2025 don Choimisiún Eorpach i dtuarascáil speisialta Uimh. 06/2026. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur scrúdaíodh in iniúchadh na Cúirte córais frithchalaoise RRF ar leibhéal an Choimisiúin agus na mBallstát araon.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cumhdaíodh in iniúchadh na Cúirte an tréimhse ó thionscnamh RRF i mí Feabhra 2021 go dtí lár 2025 i dtuarascáil speisialta Uimh. 14/2026. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh measúnú in iniúchadh na Cúirte féachaint ar áirithigh an Coimisiún agus na Ballstáit inrianaitheacht agus trédhearcacht leordhóthanach i gcás chistí RRF.

4. AITHNÍONN SÍ freagraí an Choimisiúin ar thorthaí agus ar mholtaí na Cúirte, maidir leis an dá thuarascáil speisialta.

5. TACAÍONN SÍ le tiomantas iomlán an Choimisiúin do chomhrac na calaoise agus cuireann sí i dtreis a dhlúthchomhar leis na Ballstáit, leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (mar a luaitear i dTuarascáil Speisialta Uimh. 06/2026).

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí agus moltaí na Cúirte sna tuarascálacha thuasluaite agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de cheachtanna a fhoghlaim ó chur chun feidhme chineál feidhmíochtbhunaithe RRF. MEASANN SÍ go dtugtar léargas úsáideach i gconclúidí agus i moltaí na Cúirte maidir le ceapadh na n-ionstraimí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. TÁ SÍ DEN TUAIRIM, áfach, nár cheart do na torthaí ná do na moltaí réamhbhreith a dhéanamh ar an bplé maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, ná ar a thograí earnála.